# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Laidin

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scrúdú na hArdteistiméireachta - Laidin 2017**

**Gnáthleibhéal**

**Scéim Mharcála agus Nótaí**

**1. A.** **[75]**

**Cúig abairt @ 15 mharc an ceann**

Cuirtear an córas pionóis i bhfeidhm mar seo a leanas:

**Mórearráid** = **-3,** i.e. briathar atá fágtha ar lár, dul cainte nó modh atá mícheart ach gan ach aon bhlocphionós amháin in aghaidh an dula cainte.

**Earráid níos lú =-2.** i.e. faí, aimsir, tuiseal atá mícheart, ainmfhocal, aidiacht nó forainm ar lár, “ut”, “ne”, “se”, etc.

**Mionearráid = -1.** i.e. inscne mhícheart, céim aidiachtaí nó dhobhriathra mhícheart, litriú mícheart nó earráid foclóra.

**Nó**

**B.** **[75]**

- (i) An Áise **(3);** an Eoraip **(3)**
- (ii) Cogadh a chur **(4)** ar na Scitiaigh **(4)**
- (iii) Chun a chuid fórsaí a thabhairt trasna **(10)**
- (iv) Na gardaí a thug sé leis ó Ionia **(8)**
- (v) Gréigis **(4)**
- (vi) Miltiades **(3)**
- (vii) Bhí cúrsaí go dona **(6)**; bhí Dáirias faoi bhrú ó na Scitiaigh **(6)**
- (viii) Gan an deis a chailliúint **(6)** an Ghréig a fhuascailt **(6)**
- (ix) Bheadh an Eoraip sábháilte **(6)**, bheadh na Gréagaigh a raibh cónaí orthu san Áise saor ó riail na bPeirseach **(6)**

**2.** Aistrigh dhá shliocht ar bith ó A, B, C, D **[130]**

**A. Óivid**

sed....Alba **8**/ luna....erat **8**/ cum....sinistrae **8**/rettulit.....comae **8**/ pulcher....via **16**/ et....Quirites **9**/ nec.....suis **8**.

**B. Veirgil**

Aurora....labores **18**/ iam....pyras **13**/ huc....patrum **9**/ subiectis....caelum **13/** ter.....rogos **12.**

**C. Caesar**

Erant....homines **9**/ quorum....erat **8**/ Hi....erant **8**/ sed....habebantur **5**/ sed....fraudabant **12**/ Alii....quaesti sunt **12**/ Caesar......distulit **11**.

**D. Livias**

Dum....capiunt **10**/ His....nuntiaretur **10**/ Fabius....duxit **7**/ commeatum....subvehit **7**/ multos....est **7**/ Fames....venerunt **8**/ inermes….**8**/ Deinde.....sunt **8.**

**3.** **[90]**

**A.**

**(i) Cuir Gaeilge air seo**

**[60]**

inde....petens **8**/ Igitur....et **8**/ ad....opprimerentur **8**/ qui....machinasque **8**/portantes....possent **11**/ Itaque....est **3**/ contra....terram **11**/ onerarium.....opposuit **8.**

**(ii) Freagair trí cinn ar bith díobh seo a leanas:** **[30]**

(a) **5**+**5**

(b) (**3**+**2**) + (**3**+**2**)

(c) **5**+**5**

(d) **5**+**5**

(e) **5**+**5**

**3 A. (ii) Nótaí Táscacha**

**N.B. D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí thíos.**

**(a)** **Livias** - a chumas mar scéalaí, an acmhainn a bhí aige cur síos mionsonraithe a thabhairt; a thasc mar mhorálaí; éagsúlacht ina stíl phróis; úsáid óráidí; sceitsí carachtair.

**(b)** **Masinissa –** chabhraigh sé le Scipio na Cartagaigh agus Syphax a chloí; theastaigh uaidh Sophonisba, bean Syphax, a phósadh; thug sí amach dó; fuair sé a ríocht ar ais. **Laelius –** chabhraigh sé le Scipio chun an ceann is fearr a fháil ar Syphax agus é a ghabháil; ghabh sé Cirta; thug sé Syphax chun na Róimhe ina bheatha.

**(c)** **Mago –** an mac ab óige le Hamilcar Barca agus deartháir le Hannibal agus Hasdrubal; throid sé i dtuaisceart na hIodáile le Hannibal, go háirithe ag cath Trasimene; gortaíodh é sa chogadh i Leabhar XXX nuair a tháinig achrann idir é féin agus na Rómhánaigh in Insubria; athghaireadh chun na hAfraice é; fuair sé bás ar an aistear.

**(d)** **Teacht le chéile idir Hannibal agus Scipio –** bhí an bheirt ghinearál ciúin amhail is dá mbeadh siad faoi gheasa ag an duine eile; labhair Hannibal ar dtús; d'iarr sé an tsíocháin, agus dúirt sé gur dá shaorthoil féin a tháinig sé; rinne Hannibal go leor cainte; thug Scipio le fios nárbh iad na Rómhánaigh a thosaigh an cogadh sa Spáinn ná sa tSicil.

- **(e)** **An fhreagairt sa Róimh don scéala –** bhí na seanadóirí ar bís go raibh Hannibal tar éis an Iodáil a fhágáil ar deireadh; chinn siad ceiliúradh cúig lá a dhéanamh; tugann Livias le fios nár mhol na seanadóirí vóta buíochais leis na déithe.

**3 B**

**(i) Cuir Gaeilge air seo:** **[60]**

est....manebant **13**/ nunc....carinis **7**/ huc....condunt **7**/ nos....Mycenas **7**/ ergo....luctu **7**/ pandantur....relictum **13**/ hic....Achilles **6**.

**(ii) Freagair trí cinn díobh seo a leanas:** **[30]**

- (a) **5**+**5**
- (b) **5**+**5**
- (c) **5**+**5**
- (d) **5**+**5**
- (e) (**3**+**2**) + (**3**+**2**)

**3 B (ii) Nótaí Táscacha**

**N.B. D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí thíos.**

- **(a)** Thuig na Traígh tairngreacht Laocoon agus marú Lacoon agus a mhac ina dhiaidh sin le nathracha mar chomhartha go raibh na déithe míshásta le tairngreacht Laocoon maidir leis an mbronntanas ó na Gréagaigh agus toisc gur ionsaigh sé an capall le sleá, agus thug siad an capall adhmaid isteach sa chathair. Tairngreacht Cassandra.
- (b) Cheistigh Laocoon bronntanas an chapaill adhmaid ó na Gréagaigh, níor éirigh leis dul i gcion ar na Traígh, chuir sé poll i mbolg an chapaill, mharaigh nathracha é a tháinig thar an bhfarraige, cur síos ar a bhás.
- (c) Claonadh ann a bheith faiteach agus éiginntitheach uaireanta. Amhail gach duine eile sa Traí an oíche ámharach sin, chuaigh sé a chodladh gan amhras ar bith air, bhuail Sinon bob ar gach duine acu. Na saintréithe is mó a bhaineann leis ná an diagacht, meas ar thoil na ndéithe, dílseacht dá chairde, comhbhá. Gaiscíoch millteach is ea é.
- (d) Samhail, e.g. mic tíre sa cheobhrán dubh (l. 355); abhainn a bhfuil cúr uirthi ag cur thar bruach (l. 496), coilm i stoirm etc. Éifeacht samhla amháin – meallann sé an léitheoir, déanann sé an radharc níos beoga etc.
- (e) **Cassandra** – iníon le Priam agus Hecuba, bhí Apalló i ngrá léi ach ní raibh sí i ngrá leis, bhí a bua tairngreachta gan mhaith dá bharr sin, níor chreid aon duine í nuair a dúirt sí go dtitfeadh an Traí. **Pallaidiam –** dealbh Phallas, tite ó neamh; ní fhéadfaí an Traí a ghabháil fad a bhí an dealbh sa chathair, tugadh chun na Róimhe é agus coinníodh i dteampall Vesta é.

  **Piorras –** gaiscíoch Gréagach. Mac le hAichill. Rinne sé ruathar ar phálás Priam; rinne sé poll i ndoras an pháláis; mharaigh sé Priam agus a mhac.

  **Aichill:** mac Peleus agus Thetis; laoch ar thaobh na Gréige le linn Chogadh na Traí; creidtear go raibh sé an-fhíochmhar; mharaigh sé Eachtar. Páras a mharaigh é.

**4.** **[30]**

(i) 4 ainmfhocal @ **2** mharc an ceann = iomlán **8**

(ii) **(2+1+1)** nó **(2+2)** le haghaidh trí bhriathar = iomlán **12**

(iii) Tuilleann gach troigh atá ceart **2** mharc go **10** ar a mhéad.

**5. Is gá trí cheist a fhreagairt.**
**Ní mór ceist amháin a roghnú as gach roinn agus an tríú ceist as roinn ar bith.** **[75]**

**A.**

(i) Trí phointe **(9+8+8)** nó más pointí gairide iad **(5+5+5+5+5)**

(ii) Trí phointe **(9+8+8)** nó más pointí gairide iad **(5+5+5+5+5)**

(iii) **(7+6)** agus **(6+6)** nó más pointí gairide iad **(4+3+3+3)** agus **(3+3+3+3)**

**B.**

(i) Scríbhinní **(9+8+8)** nó más pointí gairide iad **(5+5+5+5+5)**

(ii) Tábhacht na múrealaíne (**9**); saothar a ainmniú (**4**); cén fáth a bhfuil meas agat air (**6+6**)

(iii) Dhá cheann ar bith **(7+6)** nó **(4+3+3+3)**; **(6+6)** nó **(3+3+3+3)**

**Nótaí Táscacha;**

**N.B. D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí thíos.**

**A.**

(i) In 23 RCh, dúirt Ágastas gurbh é nia leis, Marcellus, a thiocfadh i gcomharbacht air ach, faraor, fuair Marcellus bás ní ba dhéanaí an bhliain sin. Chas Ágastas i dtreo Agrippa, cara leis, ansin. Roinnt blianta ní ba dhéanaí, nuair a bhí beirt mhac (Gaius agus Lucius) ag Agrippa agus Julia, bhí súil ag Ágastas go dtiocfadh duine acu sin i gcomharbacht air. Fuair Agrippa bás in 12 RCh agus chas Ágastas i dtreo Thibir, an leasmhac ba shine leis. Maraíodh Drúsas, deartháir Thibir, sa Ghearmáin go gairid ina dhiaidh sin agus bhronn Ágastas cumhacht leaschonsail ar Thibir. Mar sin féin, nuair a ghlac Gaius an toga virilis agus nuair a rinne Lucius amhlaidh ceithre bliana ina dhiaidh sin, léirigh Ágastas go soiléir gur mheas sé gur dhócha go dtiocfadh na buachaillí i gcomharbacht air. Fuair Lucius bás in AD2 agus fuair Gaius bás in AD4. Bhí ar Ágastas dul i muinín Thibir ansin. In AD4, rinne sé Tibir a uchtú mar a mhac agus bhronn sé cumhacht treabhainn air.

(ii) **Caligula:** thóg a athair Gearmánacas é i nDúiche na Réine; thacaigh Macro leis; thosaigh an rialú go maith, rialtóir uasal measartha a bhí ann; d'éirigh sé mórtasach faoi; cheap sé gur dia a bhí ann; chuaigh sé ar fheachtais mhíleata an-amaideach chuig an nGearmáin agus chuig an mBreatain; rinne sé consal dá chapall; dúnmharaíodh é. An bhuatais bheag an leasainm a bhí air. An Garda Praetóireach: cuireadh ar bun é chun an t-impire a chosaint; lonnaithe i gcathair na Róimhe; d'imir sé ról an-ghníomhach in impirí a thoghadh agus a dhíbirt; cheap sé Cláidias nuair a bhí sé faoi

bhagairt; d'fheallmharaigh sé Caligula; d'fhéadfadh Cinnirí an Gharda éirí ina ndaoine an-chumhachtach.

(iii) **Cláidias sa Bhreatain –** rinne sé ionradh ar chúiseanna tráchtála; bhí sé ag iarraidh an Ghaill a dhéanamh níos sláine; bhí an-easaontas i measc na mBriotanach; thug sé cuairt phearsanta; bhí 50,000 fear fostaithe aige; tháinig sé i dtír in Kent; ghabh sé seilbh ar Camulodunum; chuaigh sé chomh fada le teorainn an Trent/Severn.

**Séánas –** Mar Chinnire ar an nGarda Praetóireach; a ról i mbás Dhrúsas, mac le Tibir; an ról a bhí aige i ngéarleanúint chairde agus theaghlach Ghearmánacais; an méid a chuir sé le cumhacht an Gharda Phraetóirigh; ré an uafáis nuair a bhí Tibir in Capri; príosúnacht agus bás.

**Domitian:** roimh a chomharbas, coinníodh é sa chúlra den chuid is mó; modh uathlathach; a bhainistiú ar airgeadas; éirí amach Shaturninus; ré an uafáis i dtreo an deiridh.

**Feachtais Thráian sa Dáicia –** an chéad chogadh Dáiciach – a bhua ar Decebalus agus síocháin a bhunú leis na Dáiciaigh. An dara cogadh Dáiciach – bua ag na Dáiciaigh air ag an Danóib; a mháirseáil go dtí an Trasalváin; gabháil na príomhchathrach agus gabháil na Dáicia; lonnaíocht na Dáicia.

**B.**

(i) **Catullus –** Scríbhinní – Epylllion - mioneipic ar phósadh Peleus agus Thetis; filíocht eiligiach - malartaíonn an heicsiméadar agus an peintiméadar. 116 dán grá, an grá is príomhábhar dóibh; Epithalmia – deasghnátha bainise. Fuair sé inspioráid ó Shafó.

**Cicearó** – Scríbhinní – fealsúnacht – de re publica; reitric – De oratore, Brútas; Óráidí – Pro lege Manilia; Litreacha – chuig Atticus; stíl; teanga;

(ii) **Saothair mhúrealaíne sa teach Rómhánach**: An cineál péinteála ba mhó tóir; go leor samplaí sa Róimh, in Pompeii agus in Herculaneum; cuireadh plástar agus stucó ar bhallaí, chruthaítí pictiúir mhóra i bpainéil go minic; amhail is dá mbeadh duine ag féachaint amach sa ghairdín; bhaintí leas as chun seomra a dhéanamh níos gile agus níos spéisiúla; téamaí a bhíodh in úsáid – tírdhreach, ábhar neamhbheo, ailtireacht. Ainmnigh ceann amháin – e.g. Gairdín Livia; pictiúr de Chogadh na Traí ó Pompeii; ofrálacha do Dhinísias ó Herculaneum agus cén fáth a dtaitníonn sé leat - radharc, téama, teicníc etc.

(iii) **Dealbhóireacht phortráide:** tionchar na nGréagach; maisc mhairbh Éatrúscacha; dreach na n-aghaidheanna; réalachas; gravitas.

**Colún Thráian** – Colún Thráian: 113A.D. fóram Thráian, staighre bíse laistigh, 185 céim, rilífí, feachtais Thráian sa Dáicia, 2,500 figiúr, etc.

**Baisleaca –** stair na baislice; struchtúr na baislice; gníomhaíochtaí sa bhaisleac; aon samplaí de bhaisleac; bhí sé ina chúirt bhreithiúnais.

**Circus Maximus** – idir an Cnoc Palaitíneach agus Cnoc Aventine, spina, meta, columns pulvinar, trí shraith suíochán, stuaraí, etc.